

Comhdháil ar Thodhchaí na hEorpa:

Treoir suíomh gréasáin d'eagraithe imeachta



Conference
on the **Future**
of **Europe**

① Cad atá le déanamh sula ndéantar imeacht a chruthú

Léigh Cairt na Comhdhála

Liostaítear sa Chairt sraith luachanna agus prionsabal ar cheart dóibh siúd go léir atá rannpháirteach in imeachtaí a eagraítear mar chuid den Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa a chomhlíonadh. Tá sé de fhreagracht ar eagraí an imeachta a chinntiú go bhfuil na daoine a ghlacann páirt san imeacht ar an eolas faoin gCairt agus go gcomhlíonann siad í.

Cruinnigh an fhaisnéis uile seo a leanas:

- Teideal
- Cur síos (lena n-áirítear fócas an imeachta agus cé dó é)
- An cineál imeachta (ar líne, pearsanta nó iad araon)
- Seoladh
- Suíomh
- Sonraí an tsuímh
- Dáta, am tosaithe agus críochnaithe
- Catagóir
- URL Clárúcháin (Nasc leis an gcóras clárúcháin seachtrach)

② Conas imeacht a chruthú

Organise Your Event

Title* <input type="text"/>
Description * <input type="text"/>
Type * <input type="text" value="Please Select a meeting type *"/>
Address * <input type="text"/>

Céim 1: Roghnaigh an cineál imeachta

Ar ardán na Comhdhála, is féidir leat rogha a dhéanamh idir trí chineál imeachtaí: pearsanta, ar líne nó an dá cheann (hibrideach). Nuair a bheidh cineál an imeachta roghnaithe agat, ag brath ar do rogha, taispeánfar réimsí coinníollacha:

Imeachtaí neamhfhíorúla:

- Seoladh (e.g. “Rue de la Loi 200, 1040 Bruxelles, Belgium”)
- Suíomh (e.g. “Coimisiún na hEorpa”)
- Leideanna suímh (e.g. “gar do stáisiún faoi thalamh Schuman”)

Imeachtaí ar líne nó imeachtaí hibrideacha:

- Seoladh (chun d'imeacht a thaispeáint ar léarscáil na n-imeachtaí, níl le déanamh ach limistéar áitiúil d'eagraíochta a léiriú)
- Suíomh
- Leideanna faoi shuíomhanna (m.sh. conas an imeacht ar líne a aimsiú)
- URL do chruinniú ar líne

Céim 2: Roghnaigh catagóir

Roghnaigh ceann de na catagóirí topaicí is cóngaraí d'ábhar d'imeachta. Cumasóidh sé sin d'úsáideoirí atá ag cuardach imeachtaí de réir téama d'imeacht-sa a aimsiú.

Céim 3: Cuir faisnéis ar fáil maidir le conas clárú le haghaidh d'imeacht

Más mian leat clárú le haghaidh d'imeachta a éascú, ní mór é sin a dhéanamh ar ardán eile. Beidh réimse le feiceáil ag iarraidh nasc leis an gcóras clárúcháin seachtrach. Tabhair faoi deara, mar a luadh ar an ardán, gurb ionann córas clárúcháin seachtrach a úsáid agus a admháil nach mbeidh eagraithe na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa freagrach in imthosca ar bith as na sonraí a iarrann na húsáideoirí agus a sholáthraíonn na húsáideoirí tríd an tseirbhís sheachtrach seo.

Céim 4: Léigh an Chairt agus ansin ticeáil an bosca ag deimhniú gur léigh tú agus go dtoilíonn tú an Chairt a chomhlíonadh

Céim 5: An fhoirm a chur isteach

Nuair a bheidh an fhoirm imeachta comhlánaithe agat agus an t-ábhar fíoraithe agat, ná déan dearmad cliceáil ar “Cruthaigh”.

Céim 6: Tar éis an fhoirm a chur isteach

Nuair a bheidh d'fhoirm imeachta curtha isteach, is féidir leat a sheiceáil go bhfuil d'imeacht le feiceáil ar an léarscáil. Tabhair faoi deara gur cuireadh deilbhíní agus dathanna ar an léarscáil d'fhonn idirdhealú a dhéanamh idir imeachtaí pearsanta, ar líne agus hibrideacha. Beidh tú in ann scagadh a dhéanamh chun imeachtaí arna n-eagrú ag institiúidí an Aontais Eorpaigh nó ag Ballstáit nó ag eagraithe imeachtaí eile cosúil leatsa a aimsiú. Beidh tú in ann scagadh de réir catagóire, leis, ionas go n-aimseoidh tú imeachtaí ar na téamaí is mó spéis leat.

3 Conas a chruthaím tuairisc ar imeacht?

Nuair a bheidh an imeacht thart, ní mór tuairisc a chruthú air le go mbeidh éifeacht leis an gComhdháil. Ligeann tuairisciú d'eagraí an imeachta torthaí na díospóireachtaí a dhoiciméadú, a chuirfear san áireamh san anailís ansin le gur féidir aiseolas a thabhairt agus obair leantach cheart a dhéanamh. Cabhraíonn sé seo le próiseas fíor-thrédhearcach a chinntiú ina bhfeicfidh na rannpháirtithe torthaí an ama a chaith siad ag d'imeacht.

Go háirithe, cuireann sé ar do chumas nasc a bhunú idir d'imeacht agus rannpháirtíocht dhigiteach ar an ardán trí achoimre a sholáthar ar na malartuithe agus na smaointe a d'eascair as an imeacht a chomhghaolú. Is céim thábhachtach í an tuarascáil agus na smaointe a nascadh leis an imeacht féin.

Conas a fhoilseoidh mé smaointe ó m'imeacht?

Sula mbeidh tú in ann an imeacht a nascadh le smaointe, beidh ort na smaointe seo a fhoilsiú.

Tá sé ríthábhachtach smaointe a fhoilsiú. Beidh na rannpháirtithe ag iarraidh leanúint ar aghaidh lena gcuid smaointe, iad a phlé le daoine eile, agus mionléiriú a dhéanamh orthu.

Seo na céimeanna chun smaoineamh a fhoilsiú:

1. Téigh chuig an leathanach smaointe sa spás rannpháirtíochta inar foilsíodh an imeacht;
2. Cliceáil ar "Smaoineamh nua +";
3. Lión isteach an teideal agus déan cur síos ar an smaoineamh;
4. Roghnaigh catagóir;
5. Cuir íomhá agus/nó ceangaltán (roghnach) leis an togra;
6. Déan comparáid idir do smaoineamh agus smaointe eile ar an topaic chéanna;
7. Comhlánaigh agus foilsigh!

Chun na smaointe seo a nascadh leis an imeacht, ní mór duit cliceáil ar an gcnaipe "dún an imeacht" ar leathanach an imeachta. Gheofar tuilleadh sonraí thíos.

Dún an t-imeacht

Tuairiscigh *

Smaointe

Roghnaigh smaointe ▼

Dún an t-imeacht

Cad ba cheart a bheith i mo thuarascáil?

Ba chóir go dtabharfadh tuairisc ar an imeacht forbhreathnú do gach duine ar an méid a tharla le linn d'imeachta. **Seo na heilimintí a bheadh ina gcuidiú chun críche anailíse comhsheasmhaí:**

- Comhthéacs, cuspóir, ábhar agus struchtúr/modheolaíocht an imeachta (m.sh. ceardlann rannpháirtíochta, spás oscailte, caifé... Féach an 'Treoir céim ar chéim d'Eagraithe Imeachtaí').
- Líon agus cineál (pobal ginearálta nó pobal ar leith le sonraí más féidir) na rannpháirtithe a bhí i láthair;
- Má tá sí ar fáil, faisnéis dhéimeagrafach faoi rannpháirtithe (m.sh. aois, inscne, srl.);
- Na príomhábhair a pléadh sna ceardlanna;
- Na príomhsmaointe a mhol rannpháirtithe le linn na gceardlann agus na scéalta agus na hargóintí comhroinnte nó pléite as ar lean siad;
- Atmaisféar ginearálta agus obair leantach a bhfuil súil leis.

Conas a uaslódálfaidh mé an tuairisc?

CÉIM 1:

Cliceáil ar an gcnaipe "Dún an imeacht" ar leathanach an imeachta.

CÉIM 2:

Agus tú ag cliceáil ar an gcnaipe seo, atreorófar tú chuig foirm a thaispeánann dhá réimse: "Tuairisc" an imeachta (áit ar féidir leat tuairisc an imeachta a scríobh) agus an réimse "Smaointe".

CÉIM 3:

I réimse na "Smaointe", roghnaigh na smaointe a d'eascair as an gcruinniú (agus a d'fhoilsigh tú roimhe seo) trí chliceáil orthu. Ligeann sé seo duit smaointe a nascadh le d'imeacht agus na smaointe a chur i láthair mar mholtaí a mionléiríodh le linn d'imeachta.

CÉIM 4:

Ligeann an fhuinneog "Roghnaigh smaointe" duit smaointe a chuardach de réir focail, aitheantais nó teidil. Scrollaigh agus roghnaigh na smaointe atá nasctha leis an imeacht.

CÉIM 5:

Nuair a bheas críochnaithe agat, ná dearmad cliceáil ar an gcnaipe "Dún an imeacht".

CÉIM 6:

Nuair a bheas tú réidh, cliceáil ar "Foiligh!" Beidh an tuarascáil ar fáil go díreach ar leathanach d'imeachta.